Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9176/25**

**MAMA 100**
**SY 5**
**CORLX 492**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | An tSiria: Ráiteas ón gComhairle maidir le deireadh a chur le smachtbhannaí eacnamaíocha an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, ráiteas ón gComhairle maidir le deireadh a chur le smachtbhannaí eacnamaíocha an Aontais ar an tSiria, a d'fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Bealtaine 2025.

**<u>Iarscríbhinn</u>**

**An tSiria: Ráiteas ón gComhairle maidir le deireadh a chur le smachtbhannaí eacnamaíocha an Aontais**

Sheas an tAontas le muintir na Siria le 14 bliana anuas, agus é ag iarraidh teacht ar réiteach polaitiúil agus cúnamh airgeadais á stiúradh aige. Ghlac an tAontas smachtbhannaí freisin i gcoinne réimeas coiriúil Assad.

Ag eascairt as titim réimeas Assad, ghlac an tAontas cur chuige céimnitheach inchúlaithe chun tacú le haistriú agus téarnamh eacnamaíoch na Siria. I mí Feabhra, chuir an tAontas cuid dá smachtbhannaí eacnamaíocha ar fionraí.

I gcomhréir leis an gcur chuige sin, fógraíonn an tAontas an cinneadh polaitiúil deireadh a chur lena smachtbhannaí eacnamaíocha ar an tSiria. Is mithid anois do mhuintir na Siria an deis a bheith acu Siria nua atá cuimsitheach, iolraíoch agus síochánta a athaontú agus a atógáil a bheidh saor ó chur isteach eachtrach díobhálach.

Coinneoidh an tAontas na smachtbhannaí a bhaineann le réimeas Assad, i gcomhréir lena iarraidh ar chuntasacht, chomh maith le smachtbhannaí bunaithe ar fhorais slándála, lena n-áirítear airm agus teicneolaíocht a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh brú faoi chois inmheánach. Ina theannta sin, tabharfaidh an tAontas isteach bearta sriantacha spriocdhírithe breise i gcoinne sáraitheoirí chearta an duine agus iad siúd a spreagann éagobhsaíocht sa tSiria.

Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil leis an rialtas idirthréimhseach maidir leis na céimeanna atá á saothrú aige chun na mianta a chomhlíonadh agus chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha mhuintir uile na Siria a chosaint, gan idirdhealú a dhéanamh. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar an méid a thitfidh amach ar an láthair, an dul chun cinn maidir le cuntasacht i ndáil le ráigeanna foréigin a tharla le déanaí san áireamh, chomh maith le héifeachtaí chinneadh an lae inniu, lena n-áirítear i bhfianaise chruinnithe na Comhairle Gnóthaí Eachtracha atá ar na bacáin. Coinneoidh an Chomhairle an t-ábhar seo maidir le bearta sriantacha agus smachtbhannaí a mhéid a bhaineann leis an tSiria faoi bhreithniú.

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí agus tá sé ar intinn aige ról ceannasach a ghlacadh i dtéarnamh luath na Siria agus in atógáil na tíre amach anseo i gcomhréir leis an méid a thitfidh amach ar an láthair.